Iarsmalann Uladh

Mapa







Eochair an tSuímh:

06 Radharc ar an Domhan
14 Daoine ó Shibhialtachtaí Luatha (Éire sa Réamhstair)
21 An Domhan Beo
29 Dánlann 6
33 Dánlann Ealaíne Feidhmí George and Angela Moore

- Ionad Fáilte
- Ionad Ealaíne
- Ionad Nádúir
- Ionad Staire
- Radharc Ar An Domhan

Tabhair cuairt ar an siopa ar urlár na talún.

Ná déan dearmad cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na hiarsmalainne chun tuilleadh eolais a fháil faoinár gcuid imeachtaí, taispeántas, uaireanta oscailte agus faoi bhuaicphointí ár mbailiúcháin

www.nmni.com

Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann

Iarsmalann Uladh

taiscéal/triail/bain taitneamh as

An Treoirleabhar Rac is Roll

Ah, saol na réalta rac. An seodra lonrach, an stíl, an lucht leanúna, agus an taisteal i bhfad is i gcéin sula dtagann tú ar ais go dtí an gnáthshaol, áit a chuimhnítear ort ar feadh i bhfad...
tá gach rud sa bhailiúchán seo ach amháin na saoirí fada!

Sliseán de phallaisít dreigíte Seymchan

Is ábhar nádúrtha ón spás amuigh í an dreigít a mhair tar éis tuirlingt ar an Domhan. Is fuinneog í an sliseann a insíonn go leor faoin domhain eile. Is éard atá ann ná criostail buí-ghlasa d'olaivín atá scaipthe ar mhiotal nicil-iarrainn. Cruthaíodh é gar le lár pláinéid bhig. Tar éis imbhualadh i bhfad ó shin bhris an t-ábhar ina phíosaí agus ar deireadh thit cuid den smionagar ón gcatastróf chosmach ar Domhan i réigiún Seymchan na Rúise Ainmnítear na dreigítí i ndiaidh na háiteanna a fhaightear iad, baile nó gné tíreolaíochta atá cóngarach di. Féadfaidh an staidéar a dhéantar ar na dreigítí seo a léiriú conas a thosaigh an grianchóras ar dtús báire agus conas a cruthaíodh na pláinéid seo.

Féach ar an Sliseán de phailisít dreigíte Seymchan ag Radharc ar an Domhan (06).

Taisce Dhún Pádraig

Dátaíonn Taisce ornáidí ór Dhún Pádraig siar go 1100 BC. Ann tá deich bráisléad, blúire de bhráisléad agus píosa d'fháinne muiníl. Thángthas ar an taisce i gclais bheag ar Chnoc na hArdeaglaise, Dún Pádraig, ach tugann taighde le fios gur iompórtáladh roinnt den ór ón bPortaingéil. Ba é ór an tsiombail ba mhó a léirigh cumhachta agus saibhris i sochaí na Cré-umhaoise Déanaí (1100 - 800 BC). Bhí na bailiúchán agus na taiscí seo d'ornáidí ór in áiteanna difriúla ar fud na h-Éireann. Cé go m'fhéidir gur cuireadh cuid dóibh faoi thalamh agus gur ceileadh iad le linn coimhlinte chun iad a chosaint ó sceimhealtóirí, tá an tuairim ann gur caitheadh an formhór isteach in áiteanna cosúil le portaigh, locha agus aibhneacha mar thoirbhirt do na déithe.

Féach ar Thaisce Dhún Pádraig ag Daoine ó Shibhialtachtaí Luatha (14)

Críonóidigh iontaise

Tá críonóidigh ina gcónaí in aigéin an domhain le 500 milliún bliain anuas ach ní fheiceann ach fíorbheagán daoine, a leithéid de thumadóirí, samplaí daoibh ag maireachtáil. Is ainmhithe iad na hiontaisí seo a bhfuil cuma bláthanna orthu agus tá siad gaolta leis an gcrosóg mhara. Glaoitear 'lile na farraige' orthu freisin. Maireann an formhór dóibh ar urlár na farraige ach taispeántar roinnt críonóideach ar an leac seo a mhair ar adhmad raice a bhí ag snámh 225 milliún bliain ó shin. Ní dheachaigh ach fíorbheagán speiceas in oiriúint do seo agus ní fhaightear iad ar chlocha nach bhfuil níos sine ná 180 milliún bliain d'aois. Fabhraigh an chéad grúpa giúrann thart ar an am céanna. Chuir nósanna sladacha na mbreallach speisialta a thollann adhmad deireadh leis na críonóidigh ar leith.

Féach ar na Críonóidigh iontaise ag An Domhan Beo (21).



Sliseán de phallaisít dreigíte Seymchan

Críonóidigh Iontaise

Taisce Dhún Pádraig

Mála Láimhe le Karl Lagerfeld for Chloe, Spring/Summer 1983.

Toisc go bhfuil ár n-ábhair Rac is Roll tar éis spreagadh a thabhairt duit, buail Isteach go dtí ár siopa sula bhfágann tú chun blaiseadh níos fearr a fháil ar an saol sin. Tá réimse ábhar ar stoc againn idir bhronntanas duit féin iad agus don chlann agus d'ócáid ar bith. Tá rogha leathan ann duit – seodra, ealaíona áitiúla agus leabhair suimiúla éagsúla.

Carr Chambers

Níos mó ná 70 bliain sula ndearnadh carr DeLorean, bhí dearthóireacha Chambers ag déanamh an 'Chéad Charr Iomlán Éireannach' ag an gceardlann a bhí acu ar Shráid Cúba i mBéal Feirste. Idir 1904 agus 1929 rinne an chlann fhiontrach seo thart ar 500 de na cairr lámhdhéanta seo. Bhí a lán de na tréithe céanna ar an gcéad charr Chambers agus an chéad Vauxhall: inneall cothrománach a bhfuil dhá shorcóir ann agus slabhra tiomána go culacastóir dhá luais. Go gairid ina dhiaidh sin, chuir Chambers giar cúlaithe agus troitheán oibriúcháin ar leith leis. Is ceann amháin de 150 carr den mhúnla seo é an carr Chambers atá in Iarsmalann Uladh.

Féach ar Charr Chambers ag Radharc ar an Domhan (06).

Feisteán 'Boucher' le Vivienne Westwood

Ta cóip de phéintéireacht 'Boucher' priontáilte ag barr an fheisteáin seo agus tá an feisteán bunaithe ar chóirséad ón 18ú aois. Tá dath dubh ar na luiteoga le prionta ór orthu. Is í Vivienne Westwood duine de na dearthóirí is nuálaí ón aois seo. Thosaigh sí amach ina gairm lena páirtí Malcolm McClaren, nuair a bhí ré an phunc ag mbarr a réime sna 1970í. Fuair Westwood ionspreagadh ó chultacha staire ina cuid oibre agus téann sí ar cuairt chun bailiúcháin iarsmalainne a fheiceáil go rialta. Toisc go mbaineann sí úsáid as fabraicí sóúla agus as dearaí taibhseacha is mór an cara í le réaltaí rac agus leis an uasaicme. Ceannaíodh an culaith seo sa bhliain 1990 mar chuid den pholasaí chun culaith dearthóra a cheannach gach séasúr do bhailiúchán feisteán larsmalann Uladh.

Féach ar fheisteán 'Boucher' le Vivienne Westwood ag Dánlann (29).

Bróiste Diamaint (1700-1725)

Síos tríd na haoiseanna, ba chuid d'ár n-íomhá é an seodra. Cuireann sé lenár gcuid éadaí agus léiríonn sé cuid d'ar mblas pearsanta. Fiú san 18ú aois déag, bhí an tóir ar sheodra gleoreach agus bhí diamaint mar chuid lárnach de chulaith lucht an rachmais. Tá na diamaint ar an mbróiste seo gearrtha amach i bhfoirm róis, tá bun réidh air agus tá sé suite in airgead. Anois tá an cuid is mó de sheodra suite i bplatanam agus tá rinneadh mionghearradh orthu chun go mbea dh cuma níos fearr orthu. Is cuid den bhailiúchán seodra é an bróiste seo ar thug Mrs. Hull Grundy d'larsmalann Uladh mar bhronntanas. Thosaigh sí ag tabhairt ábhar don larsmalann sa bhliain 1975 agus lean sí ar aghaidh á dhéanamh go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 1984. Thosaigh sí ag bailiú seodra ón 16ú-20ú aois nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois leis an airgead póca a bhí aici.

Féach ar an mBróiste Diamaint ag Dánlann Ealaíne Feidhmí George agus Angela Moore (33).

Carr Chambers

Feisteán 'Boucher'

Bróiste Diamaint

Toisc go dtagann athrú ar na taispeántais agus go dtugtar ábhar ar iasacht d'iarsmalanna eile, ní mór a thuiscint go bhfuil seans ann nach mbeidh cuid de na hábhair atá luaite sa treoirleabhar á dtaispeáint nuair a thagann tú ar cuairt

An Treoirleabhar Rac is Roll